# ETI(E)M (STE(A)M) sa tSraith Shóisearach

Táimid chomh tógtha sin gur féidir linn tionscnamh nua FGL roghnach a fhógairt don oideachas iar-bhunscoile sóisearach – ***ETI(E)M sa tSraith Shóisearach. Agus ár bhfoireann Eolaíochta san SSM ar thús cadhnaíochta ann, is í an fhís atá taobh thiar den tionscnamh seo "eispéiris shaibhre FGL in ETI(E)M a sholáthar dár gcuid múinteoirí na Sraithe Sóisearaí de réir na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr; beidh foráil sa soláthar seo le haghaidh freagraí idirdhisciplíneacha ar dhúshláin na sochaí i gcomhthéacsanna atá sainiúil don ábhar agus atá traschuraclaim".***



*An Dr. Pádraig Kirk, Stiúrthóir an SSM, agus é ag seoladh an 1ú imeacht ETI(E)M in FGL chomhpháirtithe na Sraithe Sóisearaí ag Ionad Oideachais Laoise.*

Chun fís thionscnamh ETI(E)M sa tSraith Shóisearach a fhíorú, beidh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ag dul i gcomhar le soláthraithe neamhfhoirmiúla FGL i réimsí an ETIM agus na nEalaíon chun imeachtaí roghnacha idirdhisciplíneacha FGL don tSraith Shóisearach a dhearadh agus a thabhairt. Is ionadaithe ó réimse leathan spéise iad ár gcuid comhpháirtithe, lena n-áirítear caomhnú ainmhithe, taiscéaladh spáis, fuinneamh inbhuanaithe, oideachas forbraíochta, biteicneolaíocht, ceimic, ealaín agus dearadh, gan ach an beagán a lua. Táimid ag súil le clár uathúil agus tarraingteach FGL a thabhairt chuig múinteoirí go han-luath.

Reáchtáil muid ár gcéad imeacht FGL do chomhpháirtithe le déanaí, agus faoi láthair táimid i gceann eispéiris roghnacha FGL a dhearadh do mhúinteoirí a thabharfar le chéile faoi smaointe/téamaí ar leith. Déanfar na himeachtaí FGL roghnacha seo a thriail, a bheachtú agus a thabhairt i bhfómhar/geimhreadh 2017.

## Staidéar Gnó

D'fhoilsigh foireann an Staidéir Ghnó a gcéad nuachtlitir ar na mallaibh inar aibhsíodh príomhfhaisnéis do mhúinteoirí. Tá an Nuachtlitir sin ar fáil le híoslódáil sa rannán 'Acmhainní' dár suíomh gréasáin.

Reáchtáil muid ár gcéad seimineár gréasáin ar na mallaibh dar teideal 'Sonraíocht an Staidéir Ghnó a Úsáid', do scoileanna Béarla agus scoileanna lán-Ghaeilge araon. Gabhaimid buíochas le gach duine a d'fhreastail agus a ghlac páirt. Rinneadh an seimineár ghréasáin agus na hacmhainní a théann leo a uaslódáil ar rannán an Staidéir Ghnó dár suíomh idirlín sa táb 'Ceardlanna Roghnacha' faoi Thacaí don FGL. Tá sé i gceist go leanfar den tsraith seo seimineáir ghréasáin i mbliana mar chuid dár gclár tacaíochta do mhúinteoirí.

Táimid ag dearadh, faoi láthair, ár gcéad cheardlainne lae eile den FGL, a bhfuil a hábhar bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí, agus cuirfidh sé arís eile leis an tsonraíocht nua don Staidéar Gnó. Táimid ag dul leis an lá a thabhairt mar chuid den chnuas-samhail. Áirítear i measc na dtéamaí atá á lua leis an lá: athmhachnamh scoláirí, obair ghrúpa, taighde agus Gnéithe Cáilíochta a cheangal le hobair scoláirí.

## Fócas ar Fholláine in FGL don Scoil Uile

Tá foireann mhéadaithe FGL s'againn don scoil uile ar bís go mbeidh siad ag tabhairt lá iomlán FGL do gach iar-bhunscoil sa bhliain acadúil seo. Na scoileanna sin atá ag dul isteach ina dtríú bliain den FGL lenár bhfoireann, beidh lá ag a mbunús siúd ina ndéanfar iniúchadh ar fholláine scoláirí sa tSraith Shóisearach leasaithe. Cothóidh an lá seo tuiscint freisin ar an gcaoi a nascann an Fholláine leis an obair atá idir lámha ag scoileanna cheana i dtaca le measúnú foirmitheach agus na 8 bpríomhscil. De réir Chiorclán 0015/2017 ní mór do gach scoil clár Folláine 400 uair a bheith in áit acu do scoláirí a bheidh ag teacht isteach i Meán Fómhair 2020.

Cuirfear lá ar fáil don chuid is mó de na scoileanna atá ag tosú amach ar a n-aistear linn, ina dtabharfar léargas dóibh ar impleachtaí gach gné de 'Chreat don tSraith Shóisearach (2015)' ar fhoghlaim agus ar theagasc ina gcomhthéacs féin. Tá an fhoireann s'againn de cheannairí réigiúnacha ar fáil chun tacú le gach scoil agus is féidir na sonraí difriúla teagmhála a fháil faoi 'Seo í an Fhoireann' i rannán na scoile uile dár suíomh gréasáin – **www.jct.ie**

Cuireadh na sonraí teagmhála amach chuig gach scoil sa phost freisin.

## Scor



Is mian linn gach rath a ghuí ar ár gCeannaire Foirne, an Dr. John Hennessy, atá ag éirí as oifig. Tá oidhreacht fhadmharthanach á fágáil ina dhiaidh ag John sna seirbhísí tacaíochta, ag dul siar chuig a chuid ama leis an STES (JSSS). Ba lóchrann ar lasadh é don oideachas Eolaíochta in Éirinn agus cronófar go mór é ar fhoireann an SSM.

*C go D:- Áine Woods, Dónal Ó Laoire, Éadaoin Norris, John Hennessy agus David King.*


An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (an SSM)

Oifig Riaracháin: Ionad Oid. Mhuineacháin | Br.Ard Mhacha | Muineachán Teil.: 047 74008
Oifig an Stiúrthóra: LMETB | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan Teil.: 042 9364603



# JC Today

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Nuachtlitir Sheirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí — Uimh. 9 Lúnasa 2017


## Fáilte



**Dr. Pádraig Kirk**

Fáilte romhaibh chuig an naoú eagrán dár Nuachtlitir, ***JC Today***. Is comhartha ar thús nua don SSM í an scoilbhliain seo agus gach scoil anois sa chaoi gur féidir leo plé linn, roinnt acu don chéad uair.

Scríobh mé chuig gach scoil a iarraidh ar Phríomhoidí clárú a mbaill foirne a nuashonrú linn (ar ár dtairseach chláraithe ag **www.jctregistration.ie**), é sin nó sonraí a chlárú, don chéad uair, dá gcuid múinteoirí go léir. Is é an fáth a gcláraítear an t-eolas seo ionas go dtig linn cuireadh a chur ar mhúinteoirí teacht chuig FGL.

Tosóidh ár gcuid laethanta FGL don scoil uile i scoileanna Dé Luain 11 Meán Fómhair agus leanfaidh siad orthu as éadan i rith iomlán na bliana 2017/2018.

Tosóidh ár gcuid ceardlann do cheannairí scoile níos moille an téarma seo agus cuirfear scéala i scríbhinn chuig gach ceannaire scoile i dtaca le topaicí, dátaí agus ionaid na gceardlann cuí.

Na múinteoirí i scoileanna a bhí páirteach inár gcuid imeachtaí FGL do chnuasach scoileanna anuraidh beidh siad ag freastal ar FGL sa dara hábhar acu, má tá ceann acu, in ionaid oideachais áitiúla i rith Mhéan Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2017. Cláraíodh sonraí na múinteoirí sin do na ceardlanna seo an scoilbhliain seo caite.

Na múinteoirí sna scoileanna sin a bhí páirteach inár gcuid imeachtaí FGL do chnuasach scoileanna anuraidh tairgfear FGL leantach sainiúil don ábhar dóibh tríd an tsamhail rathúil chéanna do chnuasach scoileanna le linn na Samhna/na Nollag 2017. Tar éis na Nollag 2017, beidh sraith nua d'imeachtaí FGL ag tosú le cnuasaigh scoile i gcomhair múinteoirí i scoileanna nach raibh páirteach in aon cheann dár seisiúin FGL go dtí seo.

Táimid ag tosú 2017/2018 agus líon nach beag foirne nua ar iasacht againn agus guímid gach rath orthu ina gcuid ról faoi seach. Cuimhnímid freisin ar bhaill foirne a bhog ar aghaidh ón SSM anuraidh agus féachaimid chuige go leantar den obair iontach a rinne siad.

Beidh an bhliain seo fíorghnóthach dúinn agus táimid ag súil le bualadh lena oiread múinteoirí agus is féidir i rith na bliana agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

**An Dr. Pádraig Kirk**
*Stiúrthóir*


*Suíomh gréasáin ...*
**An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí**
**www.jct.ie**
*Tabhair spléachadh air inniu!*

## Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna)

Bhí an fhoireann an-chruógach i rith na scoilbhliana 2016/2017 agus iad ag éascú ceardlann i suíomhanna scoile speisialta agus príomhshrutha araon. Sna ceardlanna a tugadh fuarthas Léargas ar CFL2nna, "Pleanáil Mhúinteoirí agus Socrú Amchláir", "Pleanáil don Mheasúnú", "Torthaí Foghlama a Theagasc" agus "Fianaise a Bhailiú", "Punann a Chur le Chéile", agus "Sraith Straitéisí na Pleanála a Úsáid". Beidh na ceardlanna sin fós ar tairiscint le linn 2017-2018.

Tá lúcháir orainn go mbeidh ceardlanna nua á dtairiscint againn ar "Fholláine agus Riachtanais Speisialta Oideachais", "Gearrchúrsaí a Fhiosrú: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú", "CFL2nna agus an Teicneolaíocht", agus "Aonaid Tosaíochta Foghlama a Theagasc agus a Mhodhnú".

Cuidíonn CFL2nna lena chinntiú gur féidir le scoileanna oibriú i dtreo na fíorchuimsitheachta dá gcuid scoláirí RSO. Táimid ag súil le sraith ceardlanna CFL2 agus Ceannaireachta a óstáil do Phríomhoidí in Iar-Bhunscoileanna i mbliana. Féadfaidh Príomhoidí agus múinteoirí i Scoileanna Speisialta a bheith ag súil freisin leis an gcéad chomhdháil CFL2 uainn. Sonraí le teacht.






*Fágann an SSM slán lenár gcomhghleacaí, Ms. Karol Sadleir, iar-Leas-Stiúrthóir. Seo pictiúr di ag a cruinniú bainistíochta deiridh. (C-D): Leas-Stiúrthóir, Dónal O'Mahony, Leas-Stiúrthóir, Karol Sadleir agus Stiúrthóir, Pádraig Kirk*

**Lean sinn ar twitter @JCforTeachers – Faoi láthair tá chóir a bheith 8,000 de lucht leanúna againn agus tá a líon ag fás.**

# Ceannaireacht

In 2016/17 dhírigh ár gcuid ceardlanna ceannaireachta ar shocrú amchláir agus pleanáil churaclaim, na Treoirlínte nua don tSraith Shóisearach, agus imlitir 15/2017 a chur i bhfeidhm. Tá na láithreoireachtaí sin agus na hacmhainní a théann leo ar fáil i rannán na ceannaireachta dár suíomh gréasáin **www.jct.ie**

Tá an phleanáil i gcomhair na gceardlann ceannaireachta i mbliana faoi lán seoil. Sna seachtainí beaga romhainn iarrfar ar cheannairí scoile agus ar chomhordaitheoirí tacaíocht foghlama freastal ar shainceardlann ceannaireachta a dhíreoidh ar **Chláir Foghlama Leibhéal 2**. Is í an aidhm atá leis an gceardlann seo tuiscint níos fearr a thabhairt do na rannpháirtithe ar an gcaoi ar chóir go mbraithfeadh na scoláirí an clár sa seomra ranga trí thorthaí foghlama sainiúla Leibhéal 2. Áireofar i measc topaicí eile sa cheardlann clár CFL2 a phleanáil, fianaise a bhailiú ar fhoghlaim le haghaidh phunann an scoláire, an clár a sceidealú agus foghlaim scoláirí a mheasúnú. Tabharfar ceardlanna in ionaid éagsúla ar fud na tíre ag deireadh Mheán Fómhair/tús Dheireadh Fómhair agus is ceannairí scoile agus múinteoirí a bhíonn ag cur an chláir i bhfeidhm ina scoil féin a bheidh ina mbun.

Logáil isteach ar **www.jctregistration.ie** inniu chun d'áit a chur in áirithe.

Díreoidh **ceardlann ceannaireachta FGL an fhómhair 2017** ar phríomhthéamaí Leasú na Sraithe Sóisearaí a scrúdú agus conas is féidir le ceannairí scoile na hathruithe sin a neadú trí phleanáil chomhoibríoch don scoil uile. Seolfar litreacha cuiridh chuig na ceardlanna seo go luath i mí Dheireadh Fómhair.

# Béarla

Bhí bliain an-ghnóthach agus an-torthúil ag an bhFoireann Bhéarla in 2016/17. Thug an fhoireann roinnt laethanta oiliúna FGL d'éascaitheoirí nua AFMÁ. Tharla siad sin ag an am céanna le ceardlanna roghnacha inmheánacha dhá uaire a bheith á dtabhairt do mhúinteoirí Béarla i scoileanna ar fud na tíre. I measc na gceardlann a bhí ann, áirítear: Pleanáil Chomhoibríoch agus Acmhainní a Fhorbairt agus a Roinnt, Measúnú Foirmitheach agus Seomra Ranga an Bhéarla chomh maith le hAthbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Anuraidh thug ár gcomhairleoirí Béarla cuairt ar 82 scoil san iomlán ar fud na tíre a thabhairt tacaíocht ionscoile. Leanfar de na cuairteanna ionscoile seo arís i mbliana.

Tá roinnt físghabhálacha scáileáin againn i measc ár dtacaí ar líne: Torthaí Foghlama a Thuiscint agus a Fhiosrú, Torthaí Foghlama a Roghnú agus Measúnú a Ailíniú, chomh maith le físghabhála scáileáin ar an Tasc Measúnaithe. Cuireadh tacaí eile ar líne ar fáil i mí Aibreáin 2017 i bhfoirm 3 Sheimineár Ghréasáin roghnacha: Ag Obair le Torthaí Foghlama, An Fhilíocht mar Spreagthach do Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Thug an Fhoireann Bhéarla 105 ceardlann FGL Béarla iomlán lae ar fad ó Nollaig 2016 go hAibreán 2017 in ionaid iomadúla ar fud na tíre. Gabhaimid buíochas le gach duine a d'fhreastail as ucht a rannpháirtíochta agus táimid ag súil lenár gcomhghleacaithe a fheiceáil arís an scoilbhliain seo.

Is féidir teacht ar ár gcuid tacaí ar líne uile ar rannán an Bhéarla de **www.jct.ie** Féadann tú an fhoireann Bhéarla a leanúint freisin chun na scéalta agus an t-eolas is déanaí a fháil ar Twitter @jctEnglish

# Gaeilge

Ceol na teanga

Foilsíodh dhá Shonraíocht don Ghaeilge i Mí Feabhra na bliana seo: Sonraíocht Ghaeilge do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1) agus Sonraíocht Ghaeilge do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2). Beidh na sonraíochtaí seo a gcur i bhfeidhm i scoileanna ó Mhí Mheán Fómhair 2017. Díríonn na sonraíochtaí ar bhuanú scileanna teanga agus litearthachta trí shnáitheanna comhtháite: Cumas Cumarsáide, Feasacht Teanga agus Chultúrtha agus Féinfheasacht an Fhoghlaimeora. Soláthraíonn na sonraíochtaí eispéireas foghlama don scoláire trí na snáitheanna thuasluaite a chruthóidh deiseanna taitneamhacha, spreagúla chun an teanga a shealbhú agus a úsáid go cumarsáideach ó lá go lá.

Ón 13ú Feabhra soláthraíodh 55 cheardlann FGL ina iomláine do mhúinteoirí Gaeilge. Ceardlanna idirghníomhacha a bhí iontu a thug deis do mhúinteoirí tuiscint a fhorbairt ar na mórathruithe a bhaineann le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge. Léiríonn meafar foghlama na Gaeilge, a bhí in úsáid ar na laethanta FGL, tábhacht an chuir chuige chomhtháite agus múinteoirí i mbun pleanála don Ghaeilge as seo amach. Roghnaigh foireann Ghaeilge an SSM an chruit agus ceol na teanga don mheafar seo; tá trí thaobh ar an gcruit a léiríonn na trí shnáithe. Tá cúig théad uirthi mar shiombail den chúig scil teanga. Is trí na snáitheanna agus na scileanna teanga a chomhtháthú a bhaintear amach an ceol is binne.

Mar thacaíocht do mhúinteoirí tá gach eolas a bhaineann leis an gcur chuige don tSraith Shóisearach Ghaeilge chomh maith le hAonaid Foghlama Shamplacha ar fáil ar shuíomh an SSM ag **www.jct.ie**. Nuair a bheidh tú linn ar an suíomh ná déan dearmad dul ar an liosta seachadta agus, rud eile de, coinnigh súil ar an gcóras giolcaireachta @jctGaeilge don nuacht is déanaí.

# OSSP

Tosóidh FGL don Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) mar chuid de chnuas-samhail an FGL in 2017/18. Is é a bheidh i gceist lá iomlán FGL ina ndéanfar scrúdú ar thionchar Threoirlínte Folláine na Sraithe Sóisearaí (CNCM 2017), Imlitir 0015/2017 agus sonraíocht an Ghearrchúrsa don Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, a foilsíodh in 2016.


I Seisiún 1 den lá seo déanfar iniúchadh ar na roghanna curaclaim atá ar fáil don OSSP i bhfianaise forais sa tSraith Shóisearach le déanaí agus pléifear conas a thacóidh na forbairtí sin le hoideachas saoránachta sa tSraith Shóisearach.

I Seisiún 2 tabharfar an deis do na rannpháirtithe codanna éagsúla de shonraíocht ghearrchúrsa an OSSP a fhiosrú, agus fócas ar leith a bheith ar phleanáil le haghaidh teagaisc, measúnaithe agus foghlama agus torthaí foghlama in úsáid.

I Seisiún 3 tabharfar an deis do na rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais féin san OSSP agus a bheith ag obair le comhghleacaithe chun pleanáil do theagasc, measúnú agus foghlaim i seomra ranga an OSSP.

Is trí **www.jctregistration.ie** a dhéanfar clárú i gcomhair an FGL seo don OSSP.

# Nuacht na hAmharc-Ealaíne




Ba bhliain spreagúil agus ghnóthach í an bhliain seo caite ag Foireann Amharc-Ealaíne an SSM. San ***Intreoir do Shonraíocht na hAmharc-Ealaíne*** bhí sé de phléisiúr againn na ceardlanna a éascú i seomraí ealaíne agus i scoileanna ar fud na tíre. Is freagra an-dearfach a fuair muid ónár gcuid comh-mhúinteoirí ealaíne agus thaitin sé go mór leo an tairbhe agus an tacaíocht a bhain siad as a bheith ag obair le múinteoirí ealaíne eile agus ag comhroinnt smaointe leo. Bhí muid an-bhuíoch as ucht an aiseolais a fuair muid ar an lá, rud a bhí an-tábhachtach dúinn agus muid ag pleanáil, ag ullmhú agus ag dearadh ár gcéad lae FGL eile a thabharfar níos moille i mbliana.

Is iad scoláirí chéad bhliana na bliana seo a bheidh ina gcéad chohórt le dul i ngleic leis na torthaí foghlama i sonraíocht Amharc-Ealaíne na Sraithe Sóisearaí nua. Táimid ag súil le cloisteáil ó mhúinteoirí ealaíne. Táimid ag súil le cloisteáil conas atá múinteoirí ealaíne ag dul ar aghaidh leis na hathruithe agus leanúint de na comhráite a tosaíodh anuraidh.

Is féidir ár gcuid acmhainní ó anuraidh a aimsiú ar ár suíomh gréasáin ag **http://www.jct.ie/visual_art/visual_art**.

Tá an Amharc-Ealaín ar an gcóras Giolcaireachta anois, lean sinn le fanacht ar an eolas faoin nuacht agus faoi na himeachtaí atá ag teacht aníos **@jctVisualArt**

# Measúnú

Tá an tacaíocht uile a thug muid do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile anuraidh bunaithe ar athruithe measúnaithe, a tugadh isteach leis an gCreat don tSraith Shóisearach. Idir laethanta don scoil uile, laethanta ábhair, cnuaslaethanta agus tionscnaimh Eorpacha, bhí am an-suimiúil againn i saol an mheasúnaithe.

Tá gach scoil ar a n-aistear féin agus shocraigh muid gurb é an misean againne tacú le scoileanna trí cheardlanna a sholáthar dóibh is fearr a oireann dá gcomhthéacs ar leith. Thacaigh muid le scoileanna agus iad ag glacadh a gcéad choiscéimeanna i saol an mheasúnaithe fhoirmithigh, agus d'oibrigh muid ag an am céanna le scoileanna a bhfuil píosa maith oibre déanta acu cheana ar an tslí chun cleachtais i measúnú foirmitheach a neadú i ngach seomra ranga ina scoil.

Tionscnamh an-spreagúil amháin ar thug muid faoi is ea Tionscnamh Ghuth an Scoláire Erasmus+, i gcomhpháirt leis an CNCM agus le BOOÉ. Is í an sprioc atá leis an tionscnamh seo guth scoláirí a ghníomhachtú i spás an tseomra ranga, a chur ar chumas scoláirí a bheith lárnach ina n-eispéireas oideachasúil féin. Bealach amháin ina dtig leis sin tarlú is ea na cuir chuige nua i leith an mheasúnaithe, agus an fócas iontu ar thacaíocht foghlama. Táimid ag obair le múinteoirí i naoi gcinn de scoileanna i mBOOnna Chorcaí agus an Chabháin/Mhuineacháin. Rinneadh dul chun cinn suntasach agus tá scoláirí ag léiriú cheana an tionchair dhearfaigh a thagann lena nguth a bheith le cloisteáil. Ní hé sin deireadh an scéil seo!

# NTI

Ar an lá FGL s'againn in 2016/2017 díríodh ar obair a dhéanamh le sonraíocht nua na NTI. Thug sé sin deis iontach dúinn casadh le comhghleacaithe sna NTI agus tuiscintí agus smaointe nua a roinnt leo. I gcomhar le chéile, d'fhorbair muid an tuiscint atá againn ar leasú na sraithe sóisearaí trí chéile agus bhreathnaigh muid conas a luíonn sonraíocht na NTI isteach leis. Chuaigh muid i dtaithí ar thorthaí foghlama na sonraíochta agus d'fhiosraigh muid conas a mhúnlóidh siad ár gcleachtais teagaisc, mheasúnaithe agus foghlama amach anseo. Ar an gcéad lá eile FGL againn is ar an measúnú féin a chuirfear an bhéim. Oibreoidh muid i dtreo tuiscint níos fearr a bheith againn ar an gcaoi a dtacaíonn an measúnú, de gach aon chineál, le teagasc agus le foghlaim i seomraí ranga NTI na sraithe sóisearaí.

Ar na mallaibh d'fhreastail foireann NTI an SSM ar cheardlann a raibh a lán eolas úsáideach inti a d'eagraigh Tionscnamh Teangacha na hIar-bhunscolaíochta (**www.languagesinitiative.ie**), i gcomhpháirt leis an Lárionad Eorpach um Nuatheangacha (www.ecml.at). Rinneadh plé lena linn ar an tábhacht atá leis an tsonraíocht a bheith ag teacht a bheag nó a mhór le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Tháinig cúigear Comhaltaí nua isteach ar an bhfoireann s'againn le deireanas agus ta lúcháir orainn go bhfuil foireann na NTI ag fás léi agus comhghleacaithe chomh tiomanta agus chomh díograiseach sin a bheith againn.

Bí linn ar Twitter @JCTMFL #jctmfl



*Oiliúint le haghaidh Comhaltaí na NTI in IO Bhaile Átha Luain, Bealtaine 2017*

*Sa phictiúr ó chlé go deas: Emma Dwyer, Gillian Murphy, Kelly McGrath, Clíodhna McManamon, Kim McCarney, Claire Matthews, Elisabeth Butler, Patrick Kavanagh, Tina Killackey, Ingrid Fallon, Sandrine Pac-Kenny, Damien Lonergan. As láthair: Judith Callan-Gough, Amanda Quinn Mary-Elaine Tynan.*

# ATS2020

ATS2020 Assessment of Transversal Skills

Tá an fhoireann s'againn ag déanamh anailíse faoi láthair ar na chéad torthaí a tháinig ón obair s'againn leis an gcéim ionscoile dár dtionscnamh ATS2020. Ina measc seo faightear tuairimí ónár scoileanna cás-staidéir (lena n-áirítear agallaimh le múinteoirí agus le scoláirí atá ag glacadh páirt sa chlár), cuairteanna scoile, pleananna ceachta agus obair shamplach scoláirí a roinn múinteoirí linn atá rannpháirteach sa tionscnamh, chomh maith le treochtaí a éiríonn as measúnú na scoláirí ar líne. Cuirfidh na torthaí seo leis an tuarascáil Eorpach ar an tionscnamh agus cabhróidh siad leis an SSM ár FGL leanúnach agus ár dtacaí scoile a chur in oiriúint, go speisialta sna réimsí seo a leanas: Príomhscileanna, Punanna, Measúnú Foirmitheach agus neadú an TFC chun cabhrú le teagasc, measúnú agus foghlaim. Beidh tairseach acmhainní ar líne againn amach anseo ar a gcuirfear acmhainní agus ábhair ón tionscnamh ar fáil do gach scoil.

Chuir foireann an tionscnaimh an t-eolas is déanaí faoi thionscnamh na hÉireann i láthair páirtnéirí i Zagreb níos luaithe i mbliana agus rinne siad láithreoireacht ar an tionscnamh freisin ag comhdháil Chumann Oideachas Ríomhaireachta na hÉireann (CORE) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag comhdháil oidTFC in ITL.

Tá an phleanáil faoi lán seoil anois i gcomhair imeachta sa scoilbhliain reatha leis na torthaí a chur ar taispeáint a fuarthas ó scéim phíolótach na hÉireann. Táimid fíorbhuíoch do na múinteoirí agus do na scoláirí uile a ghlac páirt sa tionscnamh go dtí seo agus freisin do na ceannairí scoile a rinne éascaíocht ar an idirphlé go léir lena gcuid scoileanna.




*An Dr. Pádraig Kirk sa phictiúr anseo ag cruinniú comhpháirtithe idirnáisiúnta ATS2020 i Zagreb le ceannaire an tionscnaimh ATS2020 Anastasia Economou (An Chipir), óstaigh na Cróite CARNet agus baill den fhoireann ATS2020 ón SSM agus ó H2 Learning.*